2024/2641

4.10.2024

CINNEADH (CBES) 2024/2641 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 1 Deireadh Fómhair 2024

maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2024/1014 (EUNAVFOR MED IRINI/5/2024)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2020/472 ón gComhairle an 31 Márta 2020 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) ([1]), go háirithe Airteagal 8(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Márta 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/472, lenar bunaíodh agus lenar seoladh oibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI).

(2) De bhun Airteagal 8(2) de Chinneadh (CBES) 2020/472, d'údaraigh an Chomhairle don Choiste Polaitiúil agus Slándála cinntí a dhéanamh maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar EUNAVFOR MED IRINI.

(3) An 26 Márta 2024, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2024/1014 ([2]) lena gceaptar an Seachaimiréal Armando Paolo SIMI mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh le haghaidh EUNAVFOR MED IRINI ón 5 Aibreán 2024.

(4) An 6 Meán Fómhair 2024, mhol údaráis mhíleata na Gréige go gceapfaí an Ceannasóir Prokopios CHARITOS i gcomharbas ar an Seachaimiréal Armando Paolo SIMI mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh le haghaidh EUNAVFOR MED IRINI ón 4 Deireadh Fómhair 2024. An 10 Meán Fómhair 2024, thacaigh Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh leis an gceapachán molta sin.

(5) An 13 Meán Fómhair 2024, thacaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh leis an moladh a rinne údaráis mhíleata na Gréige agus chomhaontaigh sé go gceapfaí an Ceannasóir Prokopios CHARITOS mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh le haghaidh EUNAVFOR MED IRINI ón 4 Deireadh Fómhair 2024.

(6) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an gCeannasóir Prokopios CHARITOS a cheapadh mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh le haghaidh EUNAVFOR MED IRINI.

(7) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2024/1014 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar an Ceannasóir Prokopios CHARITOS mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) ón 4 Deireadh Fómhair 2024.

Airteagal 2

Leis seo, aisghairtear Cinneadh (CBES) 2024/1014.

([1]) IO L 101, 1.4.2020, lch. 4.

([2]) Cinneadh (CBES) 2024/1014 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 26 Márta 2024 maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2023/2078 (EUNAVFOR MED IRINI/1/2024) (IO L, 2024/1014, 3.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1014/oj).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 4 Deireadh Fómhair 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 1 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála

An Cathaoirleach

D. PRONK